



LÁ 5: ÁR SCOIL CHAITLICEACH – TACÚ LE CREIDEAMH

EOCHAIRFHOCAIL:

Creideamh Ceiliúradh Corp Chríost Saorfhreagairt
Gníomhach Muinteartha Sacraimintí Guí an Phobail

Ceist: Cad is brí le hócáid a cheiliúradh?

F

Féach: Ghnóthaigh Luimneach Corn Uile-Éireann 2018 <https://youtu.be/MTrq7oZKf7Q> (2:11) Filleadh foireann haca na mban 2018 <https://youtu.be/9YSkznFzKZA> (5:35) An athbhliain á ceiliúradh i mBaile Átha Cliath <https://youtu.be/EmpONBxr-Vg> (2:00)

Déan cur síos ar an gceiliúradh is déanaí a bhí ag do mhuintir féin.

Bhí creideamh mhuintir na hÉireann go mór le sonrú i rith Chruinniú Domhanda na dTeaghlach. Tá príomh-imeachtaí na hócáide sin le sonrú san fhíseán anseo, agus feictear daoine ag déanamh an creideamh atá iontu a cheiliúradh

F

Féach: <https://youtu.be/61n9uj9dM9k> (2:15)

Machnamh Pearsanta:

An ndeachaigh tú chun An Pápa Proinsias a fheiceáil i mBaile Átha Cliath nó i gCnoc Mhuire i rith an tsamhraidh? Ar bhreathnaigh tú ar an Aifreann Pápach ar an teilifís le do mhuintir? Más rud é go ndearna, cén fáth a ndearna tú a leithéid? Más rud é nach ndearna tú ceachtar den dá rud, cén fáth nach ndearna?



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

Is cuid shuntasach den fhás i gcreideamh é an ceiliúradh. Nascann an creideamh lena chéile sinn. De bharr an chreidimh, is sinne Corp Chríost. Déantar cur síos ar bhrí an chreidimh i Share the Good News. Luaitear Lámhleabhar an Oide: Beo go Deo 8. Nuair a dhéantar cur síos ar an gcreideamh luaitear tuairimí mar 'saorfhreagairt,' 'gníomhach' 'muinteartha'. Dhéanfadh na focail chéanna cur síos ar cheiliúradh! Dá bhrí sin, nuair a bhímid ag trácht ar an gcreideamh a cheiliúradh, caithfidh gur 'freagairt' a bheadh ann, a bheadh 'gníomhach' 'muinteartha'. Tá iliomad bealaí ann ina ndéanann an Eaglais an creideamh a cheiliúradh. Is é an bealach is tábhachtaí lena dhéanamh ná trí pháirt a ghlacadh sna sacraimintí.

Gníomhaíocht: Déan liosta de sheacht sacraimint na hEaglaise Caitlicí.

1.
2.
3.
4.
5.
6.
7.

Bíonn deiseanna beaga agus deiseanna móra againn, an creideamh a cheiliúradh sna scoileanna Caitliceacha. Deir easpaig Chaitliceacha Thuaisceart Éireann gurbh é príomhaidhm an oideachais Chaitlicigh ná forbairt iomlán an duine indibhidiúil a chothú, agus daoine beo beathach a thugann aire dá chéile, don chomharsa agus don chomhshaol i gcomhar le Críost a chur amach.

Gníomhaíocht: Bain úsáid as an eolas thíos le seirbhís ionchuimsitheach urnaí a réachtáil, a bheadh oiriúnach don uile dhalta.

Coinnle	Uisce	Cros
Íseáia 41:10	Irimia 29:11ff	Seanfhocal 3: 5-6
Salm 63	Salm 103	Galataigh 2-16
2 Corantaigh 5:7	Matha 21:22	Séamas 2:14-26

Sonraí an Ionaid:

Léachtaí ó na Scrioptúir:

Ceol (bíodh sé oiriúnach don Liotúirge):






Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

Nuair a bhíonn an t-ionad agus an léacht ó na Scriptorúir roghnaithe agaibh, is féidir roinnt paidreacha a chumadh mar ghuí an phobail atá oiriúnach do théama na seirbhíse urnaí.



GUÍ AN PHOBAIL

1. Guímid ...

2. Guímid ...

3. Guímid ...

4. Guímid ...

5. Guímid ...

6. Guímid ...

Machnamh

Pearsanta: Scríobh nótaí anseo faoi na bealaí ina ndéanann tú an creideamh a cheiliúradh. Do chuid daoine, tarlóidh sé go príomha ar scoil, do dhaoine eile sa bhaile.

